PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL AN CALADH

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh
Is sráidbhaile cois cósta é Port Mhig Aoidh, nó An Caladh atá suite ar an R565 ag ceann thiar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Tá sé suite 16km siar ó dheas ó Chathair Saidhbhín. Tá an baile neadaithe idir Bá Fíonáin agus Dairbhre agus é ar thiomáint turasóireacht Chiorcal an Sceilg.

1.2 Daonra
Níl aon tuairisceán daonáirimh ar leith ann do shráidbhaile An Caladh. Tá an sráidbhaile suite i DED An Caladh. Léirigh daonáireamh 2006 go raibh 376 duine sa DED iomlán. Méadaigh an figiúr sin ó 363 i 2002. Is ionann seo agus méadú 3% ar an daonra. Ba é an daonra a bhí ann i 2001 ná 390.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna
Is lonnaíocht chónaithe den chuid is mó atá sa Chaladh a sholáthraíonn áiseanna seirbhíse agus pobail don phobal áitiúil. Áirítear ar na seirbhísí sóisialta séipéal, ionad sláinte, bunscoil, stáisiún an Gharda Síochána, agus ionad pobail. Is é atá san úsáid miondíola ná siopaí, oifig an phoist, tithe tabhairne agus brú. Feidhmíonn sé freisin mar bhonn don chabhlach iascaigh agus tá feidhm bheag turasóireachta aige.

Tá an sráidbhaile suite i dtírdhreach sárscéimhe ar bhealach turasóireachta an R565 idir Dairbhre agus an mórthír. Mar sin baineann an sráidbhaile leas as trádáil ócáideach. Ina theannta sin, feidhmíonn An Caladh chomh maith mar cheann scríbe do thurasóirí. Bíonn deireadh seachtaine bliantúil Seitrince agus Céilí ar siúl gach Bealtaine.
Don mhéid atá i sráidbhaile An Caladh tá réimse leathan seirbhísí agus áiseanna ann do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon, mar sin féin ní bhíonn mórán de na háiseanna/seirbhísí seo oscailte ach le linn bhiaiste na turasóireachta. Tá roinnt forbairtí leaba agus bricfeasta agus tithe saoire sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird.
Feidhmíonn an sráidbhaile freisin mar phointe fágála do thurasóirí ag taisteal chuig Sceilg Mhichíl.

1.4 Infreastruchtúr
Tá soláthar uisce poiblí ar fáil sa tsráidbhaile. Bíonn ceist leanúnach ag baint le cáilíocht an uisce i gcaitheamh an tsamhraidh. Tá taifead ar roinnt ceisteanna acmhainne. Mar sin féin, ceaptar go gcinnteoidh an sábháil uisce a bhaineann le sceitheadh a aimsiú go mbíonn go leor acmhainne ar fáil le freastal ar an bhfás atá mar sprioc.
Tá umar bunsocraíochta sa tsráidbhaile. Déantar an chóiríocht trí umar múnlaigh agus scaoiltear amach sa chuan é. Ní leor an córas atá ann faoi láthair ach níl aon phleananna maidir le huasghrádú ag an am seo.

1.5 Foirm Uirbeach

Tá forbairt An Caladh tar éis díriú ar aghaidh na farraige. Tá an phríomhshráid líneach agus í oscailte don fharraige ar an taobh thuaidh lasmuigh de roinnt foirgneamh ag an gceann thoir. Críochnaíonn an chuid is faide siar den sráid i gcul de sac. Go dtí le déanaí bhí croílár dlúth uirbeach sa tsráidbhaile, ach tá roinnt forbairtí a déanadh le déanaí, ar a n-áirítear forbairt ribíneach ar na bóithre chun an tsráidbhaile tar éis baint de nádúr dlúth na bunlonnaíochta. Ní thagann forbairtí a déanadh le déanaí, go háirithe forbairtí tithe saoire siar ó dheas ón sráidbhaile, de bharr a gcomhionannas agus a leagan amach ar stíl eastáit, leis an seancheantar cois farraige mar a gcuireann meascán méide agus datha na dtithe le dreach foriomlán an limistéir. Tá an Phríomhshráid atá ann, lena foirmeacha simplí agus iliomad dathanna, ar an gcuid is tarraingtí den Chaladh. Níl spás oscailte poiblí sa tsráidbhaile, agus cé go bhfuil roinnt spáis ar aghaidh na farraige, tá gá le láthair a bhfuil níos mó fothana ann freisin.

Tá forbairt cónaithe ar scála beag ar siúl ar chúl chuid de na foirgnimh ar an bpríomhshráid. Tógadh forbairt nua tithíochta siar ón sráidbhaile. Is i bhfoirm eastát nua-aimseartha tithíochta bruachbhailteach atá an fhorbairt seo.

Tá teorainn dá réir le rochtain ón bPríomhshráid ar láithreacha substaintiúla talún cúil agus caithfear aghaidh a thabhairt ar seo má táthar le struchtúr uirbeach atá dlúth agus tréscaoilteach a bhaint amach. Cé go bhfuil an sráidbhaile líneach den chuid is mó tá réimsí fairsinge talún forbartha agus neamhfhorbartha ar cúl na forbartha cois an bhóthair. Sholáthródh cruthú forbartha a mbeadh doimhneacht ag baint léi foirm uirbeach a bheadh níos dlúithe agus níos inbhuanaithe.

Tá croílár beag uirbeach atá sainithe go láidir ag an sráidbhaile atá dírithe le hais an uisce. Struchtúir thraidisiúnta dhá urlár ón 19ú haois atá in ailtireacht an tsráidbhaile den chuid is mó. Tá líon na suíomhanna atá folamh/tréigthe sa tsráidbhaile beag, ach bhainfeadh forbairt nua a bhrisfeadh an líne tógála ag na suíomhanna seo d'acmhainn an tsráidbhaile forbairt mar shráidbhaile níos láidre agus níor chóir go gceadófaí a leithéid. Dhaingneodh síneadh ar an sráid-dreach go n-áireofaí suíomhanna folmha ar imeall na sráide atá ann, saintréithe lár an tsráidbhaile agus cheadódh sé méadú ar a chroílár miondíola agus seirbhíse.
Is cuid suntasach den gheilleagar áitiúil í an turasóireacht, agus tá tábhacht nach beag le saintréithe traidisiúnta agus ailtireacht dúchais an tsráidbhaile maidir le turasóirí a mhealladh. Caithfidh forbairt nua teacht le saintréithe traidisiúnta an fhoirm thógtha atá ann d'fhonn an sóchmhainn turasóireachta seo a choimeád agus a fheabhsú.

1.6 Oidhreacht Tógtha

Níl aon struchtúr atá faoi chosaint i gceantar an phlean. Níl sé molta go n-áireofaí aon struchtúir bhreise ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Meastar, áfach, go gcaithfear na heilimintí sin den timpeallacht thógtha, a shainmhíníonn saintréithe an tsráidbhaile, a fheabhsú agus a chaomhnú. Cuspóir sa phlean seo is ea CCA a shonrú ar chuid den Phríomhshráid le hais na farraige i dtreo is gur féidir a foirm agus a saintréithe tarraingteacha a choimeád in aon fhorbairt a dhéanfaí sa todhchaí.

Is gá a chinntiú go gcuirtear feabhas ar na saintréithe áitiúla agus ar fhéiniúlacht na háite agus go gcruthaítear struchtúr comhtháite uirbeach. Tá sé tábhachtach mar sin go dtagann forbairt nua le heilimintí traidisiúnta na sráid-dreacha atá ann.

1.7 Seandálaíocht

Níl aon séadchomharthaí seandálaíochta cóngrach, ná laistigh de cheantar an phlean.

1.8 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha

Tá Cuan Dairbhre/Cainéal An Chaladh sonraithe mar SAC. Tá an sráidbhaile suite i gceantar atá saibhir ó thaobh áilleachta agus conláistí nádúrtha. Tugann na cnoic ó dheas radharcanna tarraingteacha ón sráidbhaile agus cruthaíonn siad cúlra sárscéimhe ina bhfuil an sráidbhaile suite.

Tá roinnt bhealach siúlóide aitheanta i gcomharsanacht an tsráidbhaile agus tugann cnocadóireacht/sléibhteoireacht mórán cuairteoirí isteach sa cheantar.

1.9 Trácht Feithicleach agus Coisithe

Tá an sráidbhaile suite ar bhealach réigiúnach atá gnóthach agus is é an príomhbhealach feithicleach chuig Dairbhre é thar an droichead.

Soláthraíonn an t-achar siar ó aghaidh na farraige go leor páirceála le freastal ar an éileamh reatha. Tá carrchlós beag amháin in aice le fearann an tSéipéil. Méadóidh an limistéar taitneamhachta atá beartaithe in aice leis an Séipéal riachtanais pháirceála sa cheantar seo.

Tá gá le cosáin ag roinnt áiteanna ar fud an tsráidbhaile le nascacht a sholáthar idir na ceantair chónaithe thoir agus thiar.

1.10 Fostaíocht

Léiríonn Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga 2006 don TRC ina bhfuil An Caladh suite gurb é an phríomhfhoinse fostaíochta d'fhir sa cheantar ná tionscal na tógála (20%) agus talmhaíocht agus iascaireacht (17%) agus déantúsaíocht (14%) ina dhiaidh sin. Leis an lagtrá eacnamaíochta is dócha nach amhlaidh atá níos mó.

Tá formhór na mban atá fostaithe ag obair san earnáil seirbhíse. Is é is dóichí go dtéann roinnt de mhuintir na háite chuig Cathair Saidhbhín chun fostaíochta. D'fhonn cuideachtaí dúchasacha a spreagadh agus níos mó fostaíochta a chruthú sa tsráidbhaile, tá tailte a bhí ainmnithe chun úsáide turasóireachta agus tionsclaíochta ar scála beag criosaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta.

Rinne an sráidbhaile féin forbairt go traidisiúnta mar shráidbhaile poirt agus iascaireachta (margaidh) ag freastal ar riachtanais na gcúlchríocha feirmeoireachta a raibh rath orthu go stairiúil. Tá beogacht mhórán gnó beag sa bhaile ag brath ar chaiteachas chustaiméirí ó na ceantair thuaithe agus tógáil ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuan.

1.11 Gníomhaíocht Chuain agus Mhuirí

Tá cé sa Chaladh a bhfuil ról tábhachtach aici maidir le rath leanúnach a bheith ar na hearnálacha muirí – taitneamhachta, fóillíochta agus turasóireachta sa cheantar. Tá tacaíocht do thionscal na hiascaireachta fós mar fhócas lárnach don ché. Is foinse

tábhachtach ioncaim agus fostaíochta don cheantar í an iascaireacht agus cuireann sí go hindíreach le geilleagar an cheantair, trí easpórtáil agus próiseáil éisc.
Déantar turais bháid chuig Sceilg Mhichíl a thairiscint ón gcé, agus feidhmíonn turais mótarbháid ann freisin. Tá cáil ar an gceantar maidir leis an Slatiascaireacht Bradán & Breac Geal is fearr san Eoraip. Tá níos mó tóir anois ar fhaire míol mór, deilfe agus siorca ar chósta Leithinis Uíbh Ráthaigh.

1.12 Fás agus Forbairt Cónaithe

Léiríonn leibhéal na n-iarratas pleanála fás i gceantar an phlean agus díreach mórthimpeall air. Is féidir fás a bheith inbhuanaithe má dheánann An Caladh forbairt ar acmhainn le seirbhísí agus áiseanna a mhealladh. Dhéanfaí freastal ar an éileamh do thithe scoite lasmuigh de sin trí fhorbairt na tuaithe.

Faoi mar a tharla i mbailte agus sráidbhailte eile sa chontae, tharla tréimhse fáis sa Chaladh faoi mar atá le feiceáil i ndaonáireamh 2011 ina raibh meádú 3.7% i gceist ó dhaonáireamh 2006. Mar sin féin léiríonn leibhéal na gcead pleanála cónaithe a tugadh sa tréimhse 2006–2011 acmhainn teoranta fáis go ceann cúpla bliain.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is é atá mar fhís fhoriomlán don Chaladh a chinntiú go bhforbraíonn sé mar láthair atá tarraingteach do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon agus go gcaomhnaíonn forbairt sa todhchaí saintréithe an tsraídbhaile mar shráidbhaile beag iascaireachta agus go ndaingnítear sin nuair is gá é.

Déanann teorainn forbartha An Caladh sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú áirithe ar fhorbairt cónaithe soir ó chroílár an tsráidbhaile. Le linn saolré an Phlean seo, beidh an fhorbairt dírithe go príomha ar na tailte seo atá cóngrach do chroílár an tsráidbhaile.

Tá sé tábhachtach, cé go rachaidh mórán cónaitheoirí nua chuig ionaid eile le fostaíocht a fháil, go ndéanann An Caladh forbairt ar an infrastruchtúr sóisialta agus eacnamaíochta le feidhmiú mar phobal inbhuanaithe ann féin. Dhéanfadh méadú ar úsáid áitiúil miondíola agus tráchtála laistigh de chroílár an tsráidbhaile le hais na n-úsáidí atá ann é sin a bhaint amach.

Is í an straitéis forbartha don sráidbhaile ná:

- Uasmhéadú a dhéanamh ar fhás daonra agus ar sheirbhísí go dtí leibhéal a chruthóidh baile beoga, agus a shócmhainní fisiciúla, a shaintréithe sainiúla agus a bhuanna nádúrtha a choimeád agus a fheabhsú.

- A chinntiú go dtacaíonn forbairt sa todhchaí le ról agus le feidhm an tsráidbhaile mar ionad seirbhíse tuaithe, mar chuan iascaireachta agus mar shráidbhaile beag

turasóireachta ag tógáil ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus de shuíomh an tsráidbhaile i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.

- A chinntiú gur dearadh agus leagan amach traidisiúnta a bhíonn ar gach forbairt nua agus nach mbaineann siad ó shaintréithe na lonnaíochta.

- A chinntiú go mbíonn gach forbairt nua suite laistigh de theorainn forbartha na lonnaíochta. Glacfar cur chuige de réir a chéile maidir le gach forbairt nua.

- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí turasóireachta sa todhchaí tuisceanach ar shaintréithe an tsráidbhaile agus ba chóir iad a bheith ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.

- Go leor saoráidí spóirt agus chlóis shúgartha a sholáthar le freastal ar riachtanais áineasa mhuintir na háite agus turasóirí ar bhealach inbhuanaithe.

- Acmhainn iascaireachta agus slatiascaireachta an bhaile a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe.

- Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt mhuiríne d'ardchaighdeán agus ar thaobh na farraige.

- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe laistigh den sráidbhaile sa todhchaí ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Spreagadh a thabhairt do mhéadú ar réimse agus líon na seirbhísí tráchtála sa sráidbhaile a sholáthróidh fostaíocht, dá réir, go háitiúil agus a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail áitiúil.
- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt mhargaidh nideoige turasóireachta, bunaithe ar ghníomhaíocht mhuirí, saoire inbhuanaithe muirí agus eachtraíochta agus a chineál éiceathurasóireachta féin a fhorbairt ar shlí inbhuanaithe.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	**Cuspóirí Foriomlána** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
OO-1	A chinntiú go ndéantar forbairt ar bhealach comhtháite agus straitéiseach teagmhasach ar infrastruchtúr imleor a sholáthar. Ní cheadófar forbairt de réir a chéile agus neamh-chomhordaithe ar shuíomhanna dá leithéid.
OO-2	A chinntiú go gcoimeádtar suíomh nádúrtha an tsráidbhaile agus go ndéantar é a chosaint ar fhorbairt mhí-oiriúnach.

4.0 SAINCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	Oidhreacht Ailtireachta & Tógtha Is cuspóir ag an gComhairle é:
AH-1	Oidhreacht ailtireachta an tsráidbhaile a chaomhnú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt a bhíonn deartha ar shlí atá ag teacht le scála agus carachtar an tsráidbhaile. Ba chóir go mbeadh meas ag forbairtí nua ar ghnéithe dearaidh áitiúla.

Cuspóir Uimh.	Criosú do Mheascán Úsáide Is cuspóir ag an gComhairle é:
MU-1	Tailte a chriosú chun forbartha meascán úsáide ag suíomhanna iomchuí le soláthar a dhéanamh do mhéadú úsáide fostaíochta áitiúil, miondíol agus seirbhísí.

Cuspóir Uimh.	Trácht Feithicleach agus Coisithe Is cuspóir ag an gComhairle é:
T-1	Iarracht a dhéanamh ar chosáin / siúláin a sholáthar/a fheabhsú faoi mar atá léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún.

Cuspóir Uimh.	Conláiste Is cuspóir ag an gComhairle é:
A-1	Éascú a dheánamh ar pháirc a fhorbairt don tsráidbhaile ag láthair a bhíonn léirithe ar an Léarscáil Criosaithe Talún.

Cuspóir Uimh.	Turasóireacht agus fóillíocht Is cuspóir ag an gComhairle é:
TL-1	Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt mhargaidh nideoige turasóireachta, bunaithe ar ghníomhaíocht mhuirí, saoire inbhuanaithe muirí agus eachtraíochta.